28-"Seanchas na mBailte Dúiche : Tadhg na Samhna, O Donovan Rossa, Filí" – Tomás Ó Seasnáin ón Sciobairín

Brian Ó Cuív - Ag dul amach ón Sciobairín..

Tomás Ó Seasnáin- Dul amach ón Sciobairín, laisteas den tsráid den Sciobairín tuairim leathmhíle laisteas de baile fearainn a ghlaonn siad (*) air. Agus laisteas de sin tá baile eile ann a ghlaonn siad Fearann an Giolla. Agus laisteas den Fearainn Uí Giolla, gheobhair go glaonn siad An Blúid. Agus ansan nuair a raghair ó dheas ó (*) gheobhair baile a ghlaonn siad An Bán Íseal air. Agus laisteas den Bhán Íseal tá Leic Eoghain. Agus ansan laisteas de bhaile fearainn Leic Eoghain tá (*) (an tuath, baile fearainn an *). Baile eile é sin tuairim dhá mhíle laisteas den Sciobairín a ghlaonn siad Fearainn Uí Ghiolla air. Agus nuair a raghfá (*) ó dheas do raghfá trí An Blúid, baile a ghlaonn siad An Blúid. Agus laisteas den Bhlúid, tá baile a ghlaonn siad An Bán Íseal. Agus laisteas de sin tá baile go glaonn siad An Leic Eoghain. Agus ansan laisteas den Leic Eoghain, tá baile fearainn (*).

B- Sea.

(stopann an téip)

B- Dul soir ó Ceann Tuaithe anois.

T- Dul soir ó Ceann Tuaithe, raghfaí baile a ghlaonn siad Fearann Uí Chonchúir air agus ansan laistiar d'Fhearannn Uí Chonchúir raghann tú trí bhaile a ghlaonn siad Inis (*) air agus mar sin siar baile a ghlaonn siad Baile Uí Chatháin air, agus laistiar de sin tá An Glaisín Álainn, baile fearann a ghlaonn siad An Glaisín Álainn. Agus ansan baile fearann eile laistiar den Ghlaisín Álainn glaonn siad Gleann air, Gleann Bearcháin. Agus ansan (*) isteach go sráid Baile an Chaisleáin (*). Ag dul ó Bhaile an Chaisleáin, raghaimid tríd baile fearann a ghlaonn siad Carraig Tí Seáin air. Agus mar sin, ó thuaidh a' bóthar trí (*)(Faiche Úrach) agus (*) síos

go dtí Crois a' Ráithín. Agus ansan mar sin siar go dtí an (*), agus ansan beimid isteach go baile a glaonn siad (*) Tráigh air. Agus mar sin siar ó (*) Tráigh raghaimid trasna droichead a ghlaonn siad Droichead a Cláir air. Agus ansan beimid isteach go Cuan Dor.

B- Tá sibh i ndiocese Rois anseo?

T- Táimid ansan in aice Ross Ó gCairbre agus (*) mar sin suas, siar ó Chuan Dor thrí Cill Fhíonáin agus thrí (*) fearann, ghlaoimid isteach go Ross Ó gCairbre.

B- Bhíodh easpag ós cionn an diocese anseo (*)

T- Do bhí, do bhí (*) ach tá sé go léir anois fé Easpag Chorcaí.

B- Canathaobh é sin?

T- Bhuel n'fheadar é sin ach (*) an sagart Chorcaí a dhein an diocese Ross anois, (*), deineann sé diocese Ross.

B- (*) Corcaigh agus Ross le chéile?

T- Tá Corcaigh agus Ross fé easpag amháin anois.

B- Agus Cúil Aodha ansan?

T- Cúil Aodha fé easpag eile.

(stopann an téip)

B- Sasanach sa dúiche san anois?

T- Ní dearfainn go bhfuil, go bhfuil mórán acu ins an diocese seo in aon chor.

B- Tá siad láidir i nDroichead na Banndan (*)?

T- Ó is dócha go bhfuilid, do bhídís ann fadó.

B- (*) minic a chuas isteach sa Droichead?

T- Droichead na Banndan?

B- Sea.

T- (*) tríd go minic, a' dul go Corcaigh.

B- An baile mór é?

T- Baile mór, tá sé níos mó ná Sciobairín.

B- An bhfuil?

T- Tá.

(stopann an téip)

T- Rialtas Shasana a bhí sé sin(*). Bhí Tadhg na Samhna ann, duine des na Fenians ab ea é.

B - An bhfuil aon seanchas mar gheall air?

T- Bhuel, eh, bhí, do dheineadh priosiunach de, agus do chrochadh é i Gleann (*) in aice Dún Mánmhaí. Dún Mánmhaí, Dunmanway.

B- Sea.

T- Do chrochadh Tadhg na Samhna

(*)

T- Do chrochadh Tadhg na Samhna i Dún Mánmhaí.

B- Agus cén fáth gur chrochadh é?

T- Mar do bhí sé suas i gcoinne rialtas Shasana, ins an am san. Bhí sé ag troid ar son saoirse na hÉireann. Agus do deineadh priosiúnach de agus togadh isteach go Dún Mánmhaí é agus do chrochadh é. Agus do dhein, do dhein a mháthair (*)(mairgne) dó. (*) crochta. Mairgne do Thadhg na Samhna. Agus dúirt sí "A Thaidhg na Samhna", a dúirt sí, "ba cheann sa tír tú.(*) ba bhreá é do (*) agus (*). Ó éirí suas , do bhí (*) dian ort, cé go crochadh (*) i Gleann na (*) (Croim) tú. Do dhein Aifreann (*) ar maidin Dé Domhnaigh, ba bhreá é do phearsa agus, ba bhreá é do phearsa agus ba phearsanta do (*). (*) na céadta (*)labhairt leat, ach is í an Mhaighdean Mhuire (*) leat. Ba bhreá é do lámh(*), ba bhreá(*). Do thiománfeá an (*) agus d'iompófá an taobh(*). Ní (*), níor chaith in aon chor, mar ní (*), ach an (*)cé gur mhaireadh mar (*) é."

B- Maith thú.

(stopann an téip)

T- Diarmuid Ó, Diarmuid Ó Donnabháin Rossa.

B- Ón áit seo, nó ón mBaile Sciobairín?

T- Ó Ross Ó gCairbre.

B- Ross Ó gCairbre?

T- Ross Ó gCairbre ab ea Ó Donnabháin Rossa.

B- Agus an bhfuil a mhuintir fós ann nó?

T- Níor áirim go bhfuil, bhuel n'fheadar a bhfuil éinne a bhain leis anois ann. Ach do bhí seanbhean á insint dom go raibh sí dul, teacht isteach go sráid an Sciobairín lá, agus gur casadh cóiste (*) agus triúir fearins an cóiste agus beirt nó thriúir "peelers". Agus duine dos na fearaibh seo b'é Donnabháin Rossa é. Do bhí na "peelers" á thabhairt síos go cúirt (*) (Bhréantráigh?)

B- Is ann a cuireadh cúirt air an ea?

T- Is ea, is in (*)(Bréantraigh) a (*) cúirt air, an lá san,(*) síos go cúirt Bhréantráigh é.

B- Agus (*) an uair a cuireadh go Bleá Cliath ansane nó?

T- Bhuel ní hé, ní hé sin an uair go cuireadh, go cuireadh thar lear é.

B- Mmm.

T- (*) sé an lá san, bhí sé ina (*) á thabhairt go cúirt Bhréantrá.

(stopann an téip)

T- Cúpla míle laistiar (*) Clann Caoilte.

B- Na saighdiúrí (*)

T(*) agus na Fenians. Do bhí. Agus tá an (*) san i gClanna Caoilte, curtha suas(*) Thadhg na Samhna. Nó ní hé Tadhg na Samhna ach Tadhg an Astna.

B- Tadhg an Astna?

T- Tadhg an Astna. Tadhg Ó Donnabháin ab ea é.

B- Ó sea.

(stopann an téip)

T- Duine eile acub ab ea é sin a bhí, a bhí, a bhí ag troid ar saoirse na hÉireann, tá fhios agat, na Fenians. Is dóigh liom go bhfuil na bliana a (*)an cath sin go bhfuil sé cúpla céad bliain ó shin anois.

B- Agus ar chrochadh é sin (*)(freisin)?

T- Maraíodh é ins an chath sin.

B- Maraíodh?

T- Is dóigh liom gur maraíodh é ins an cath an "Big Cross".

B- Ó ah.

(stopann an téip)

T- Sack of Baltimore, as Béarla atá san go léir.

Myles Dillon- (*)

B- Cé a dhéanann?

T- (*) Béarla.

M- (*)

M- Cad a tharla nó cé a tháinig ann?

T- An aimsir go dtáinig an "Sack of Baltimore", do tháinig daoine ó (*)(oileáintibh) tar lear agus do thangadar isteach oíche (*) do thógadar na fir óg agus na mná óga go léir agus do thugadar iad go dtí tír eile thar lear. Agus, do lean bád iad ach do bhí na báid a bhí ag na daoine a thug na, na daoine a tháinig thar lear, do bhí na báid ró-luathbhuilleach agus níor rug na báid comharsnacht orthu.

B- Airíomar gur togadh iníon le..

T- (*) Togadh iníon le Finín Ó Drisceoil.(*).

B- Ba leis an caisleáin is dócha.

T- Ba leis an caisleáin san uair sin.

B- An fada ó shin anois?

T- Ah tá sé tuairim ceithre céad bliain ó shin.

B-(*)

(stopann an téip)

T- Timpeall Bréan Trá é saolaíodh Seán Ó Coileáin máistir.

B- Sea, agus d'airigh sé an scéal san?

T- Ó, d'airíos mar gheall ar Seán Ó Coileáin máistir, mar do cheap sé amhrán a nglaonn siad "Sweet (*)" air.Tá an t-amhrán san as Béarla.

B- (*) Agus do (*)

T- Dúras, bhí sé ina mháistir filíocht as Gaolainn, mar dúras go raibh, go raibh an reilig Ghleanna, go raibh go leor francach inti. Agus níor thaitin sé leis na daoine na francaigh a bheith ann agus do tháinig Seán Ó Coileáin Máistir uair agus do chuir sé na francaigh go léir as an reilig.

B- Bhuel an raibh cumhacht faoi leith aige nó (*) sé?

T- (*) Le filíocht, le filíocht, dúras go le filíocht a chur sé na francaigh as an reilig.

B- (*) agatsa nach bhfuil?

T- Níl.

M- Sea.

B- An bhfuil aon eolas eile agat mar gheall ar Sheán Ó Coileáin? An bhfuil chuid dá fhilíocht agat?

T- Níl a thuilleadh filíocht agam.

B- Mmm.

(stopann an téip)

T- Baile a ghlaoimid An Bluid air, tá sé ceithre mhíle laisteas den Sciobairín. Do bhí file ann a nglaodaís Fíodóir (*) air. Agus do chuaigh sé síos timpeall Chorcaí ag fíodóireacht uair agus do dhein sé amhrán don áit gur fhág sé, An Bluid.

B- Sea.

T- Dúirt sé , " Dá mbeadh cathairín nó (*)" a dúirt sé, " mar a (*) na (*) go mbeadh feirm ag máistrí scoile. (*)mo pháirce (*) sa tórramh. Do shiúlaíos Éire (*)le chéile (*)ón mBanndan go Blarnan (*). (*)nóiníní glégeala (*). go hálainn sa tsamhradh le (*). Bíonn (*) ag (*)drúchta cois imeall (*). Dá (*)céadta, mar tá radharc (*)